

## Scéim Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

**Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas**

**Eanáir 2021**

### INTREOIR:

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Dara Scéim Teanga Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

De réir mar a d'fhorbair córas na scéimeanna, tá comhlachtaí éagsúla ag leagan síos spriocanna éagsúla ina scéimeanna féin agus tá difríochtaí anois ann maidir leis na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge ó chomhlachtaí éagsúla. Is é an deacracht a bhaineann leis seo ná nach mbíonn an pobal ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla nó go dátheangach i gcónaí, agus cruthaítear fadhbanna agus daoine ag lorg seirbhísí dá réir. Tá moltaí san aighneacht seo, go háirithe 'An Tairiscint Ghníomhach' leis na fadhbanna seo a shárú.

Is í an aidhm chomh maith atá ag na moltaí san aighneacht seo ná samplaí den dea-chleachtas is fearr ó thaobh soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí a chur ar fáil in aon áit amháin, sa dóigh is go mbeidh comhlachtaí poiblí in ann na prionsabail seo a chur in oiriúint dá gcomhlachtaí féin. Tacóidh na moltaí seo leis Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a gcuid dualgais i leith na teanga a chomhlíonadh ar an bhealach is éifeachtaí agus is cuimsithí agus is féidir.

Mar chomhlacht poiblí bíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ag cur seirbhísí ar fáil don phobal. Tá ról lárnach ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha ar fud shochoaí na hÉireann a thógáil agus tá cearta teanga mar chuid de sin. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh freastal trí Ghaeilgear fáil do phobal na Gaeilge agus Gaeltachta a thugann meas dá gcearta teanga, agus do dhaoine eile le spéis leis an nGaeilge a úsáid nó/agus a fheiceáil.

## DEARCTHAÍ AN PHOBAIL

Ní amháin go bhfuil dualgais reachtúla ar chomhlachtaí poiblí seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ach léiríonn taighde gur mhaith le daoine é seo a fheiceáil agus go gcreideann siad gur chóir go mbeadh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid.

Léiríonn na staitisticí thíos<sup>1</sup> gur mhaith leis an phobal a fheiceáil go bhfuil comhlachtaí poiblí ag comhlíonadh a gcuid dualgas maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Creideann nach mór leath ó thuaidh agus beirt i ngach triúr ó dheas gur cheart don Stát níos mó tacaíochta a thabhairt don Ghaeilge; méadú suntasach ó 2015.


Bunús: Daoine Fasta, Aois 15+, 16+  
(ó dheas=1,085, ó thuaidh=1,012)

*"Ba cheart go  
gcuirfeadh an Stát  
níos mó tacaíochta ar  
fáil don Ghaeilge."*



Mios Airde / Measó	%
35-54	28
Bailé Átha Cliath	18
40+	10

Easaontú Iomlán	%
Easaontú go láidir	4
Easaontú go páirte	3




Mios Airde / Measó	%
Cártaicéil / 100+	76
Pobal / Neamhrochtas	75
65+	71
Cóige Mionas	70
Cóige Laghainn	70

Aontú Iomlán	%
Aontú go láidir	29
Aontú go páirte	37

Mios Airde / Measó	%
Tuairimsear	55
65+	43
40+	37
35-54	36

Easaontú Iomlán	%
Easaontú go láidir	16
Easaontú go páirte	16



Mios Airde / Measó	%
Cártaicéil / 100+	60
15-24	53
25-34	52
50+	50

Aontú Iomlán	%
Aontú go láidir	18
Aontú go páirte	27

Léiríonn () sonraí 2015

<sup>1</sup> Foinsé: *Céard é an Scéal? Dearcthaí an Phobail i leith na Gaeilge 2018 agus 2019*, Conradh na Gaeilge

Creideann seachtar i ngach deichniúr gur cheart go mbeadh seirbhísí curtha ar fáil ag an Stát trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid.

Bunús: Daoine Fásta, Aois 15+, 16+  
(ó dheas=1,085, ó thuaidh=1,012)

"Ba cheart go mbeadh seirbhísí curtha ar fáil ag an Stát ar fáil trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid."




Mios Airde / Measc	%
15-24	17
Roie Átha Cliath	13

Easaontú iomlán	%
Easaontú go láidir	3
Easaontú go pointe	6


Mios Airde / Measc	%
Tuaitheant	45
65+	42
AD	39
55-64	31

Easaontú iomlán	%
Easaontú go láidir	14
Easaontú go pointe	14



Mios Airde / Measc	%
Dáige Ilmhan	80
Connacht / Uladh	78
DEs	75
35-44	73

Aontú iomlán	%
Aontú go láidir	39
Aontú go pointe	41




Mios Airde / Measc	%
Cathair Shléib Fainne	86
16-24	85
25-34	84
DE	69

Aontú iomlán	%
Aontú go láidir	21
Aontú go pointe	35


Léiríonn ( ) sonraí 2015

## Seirbhísí as Gaeilge

D'iarr duine as seisear seirbhísí as Gaeilge, le duine as fiche ó thuaidh




I léim % den daonra beadh 17% ciallmheasach le \$10,000 daoine ó dheas



I léim % den daonra beadh 5% ciallmheasach le 75,000 daoine ó thuaidh



\* Toradh le 'Ní fios' agus 'Gan tuairim tugtha' bainte



Léiríonn na staitisticí seo thuas<sup>2</sup> gur mhaith leis an phobal a fheiceáil go bhfuil comhlachtaí poiblí ag comhlíonadh a gcuid dualgas maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

<sup>2</sup>Foinse: *Céard é an Scéal? Dearthaí an Phobail i leith na Gaeilge 2018 agus 2019*, Conradh na Gaeilge

## TAIRISCINT GHNÍOMHACH

**Comhthéacs:** Mura bhfuil an pobal ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil ó chomhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge ní féidir leo nó beidh drogall orthu éileamh a dhéanamh ar na seirbhísí seo. Cruthaíonn tairiscint ghníomhach cultúr maith don phobal ó thaobh na Gaeilge de mar gheall go bhfuil sé soiléir do dhaoine go bhfuil fáilte roimh labhairt na Gaeilge sa chomhlacht agus go mbeidh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge más sin an rogha a dhéanfar. Ní leor go mbeadh seirbhísí bunúsacha amháin ar fáil trí mheán na Gaeilge mura bhfuil sé ar chomhchaighdeán leis an tseirbhís atá ar fáil trí mheán an Bhéarla ón fhoinse chéanna. Caithfear fáil ar na seirbhísí seo bheith ag pobal na Gaeilge gan aon choinníollacha, ama nó iarrachtaí breise óna dtaobhsa. Mar chuid den tairiscint ghníomhach, is gá cinntiú go bhfuil an Ghaeilge le feiceáil i gcomhlachtaí poiblí inti féin nó ar chomhchéim leis an Bhéarla. Cruthaíonn feiceálacht na Gaeilge atmaisféar compordach do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid agus fios acu go bpléifear lena gcuid gnó mar is cuí.

- Ba chóir an chéad bheannacht agus an chéad chomhrá a dhéanamh le duine in oifig poiblí de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a bheith déanta trí Ghaeilge, leis an gcustaiméir a spreagadh le Gaeilge a úsáid agus le cur in iúl gur féidir gnó a dhéanamh leis an oifig chuí trí Ghaeilge.
- Ba chóir go mbeadh comharthaíocht i nGaeilge amháin nó go dátheangach curtha in airde laistigh agus lasmuigh d'fhoirgnimh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.
- Ba chóir go mbeadh comhartha nó suaitheantas ag fostaí ar a ndeasc nó ar a n-éide atá in ann seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.
- Ba chóir go mbeadh foirmeacha nó foilseacháin eile ar fáil go dátheangach nó as Gaeilge amháin go huathoibríoch, le cinntiú nach gcaithfear leagan Gaeilge a lorg.
- Ba chóir go mbeadh aon seastán, bileog eolais, póstaer, srl. de chuid an chomhlacht poiblí dátheangach.
- I gcáipéisí dátheangacha, moltar leagan Gaeilge agus leagan Béarla den téacs a chur taobh le taobh le chéile, le cló den mhéid agus stíl chéanna in úsáid.
- Ag ócáidí poiblí, ba chóir go n-úsáidfear an Ghaeilge mar chuid den ócáid sin le linn fáiltiú, óráidí, nó cainteanna eile le freastal ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ba chóir go mbeadh na cainteanna as Gaeilge.
- Ba chóir urlabhraí a chur ar fáil gur féidir leis/léi agallamh a dhéanamh leis na meáin trí mheán na Gaeilge.
- Ba chóir go mbeadh aon fhógraíocht atá le déanamh ar son Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go dátheangach, bíodh sin ar líne, sna meáin traidisiúnta, ar theilifís nó raidió srl.

## LÁTHAIR AR LÍNE

**Comhthéacs:** Ar nós 'An Tairiscint Ghníomhach' a dhéanamh in áiteanna poiblí, is féidir léiriú trí láithreach ar líne go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge agus gur féidir seirbhísí trí mheán na Gaeilge a fháil ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Mar gheall ar an ról

suntasach atá ag seirbhísí ar líne agus ag suímh ghréasáin, is mór an difear agus an tábhacht a bhaineann leis an chuid seo den tairiscint ghníomhach.

- **Rogha Teanga:** Ba chóir go mbeadh rogha teanga ar fáil ar an chéad leathanach den suíomh gréasáin leis an rogha Gaeilge ar bharr nó roimh rogha Béarla leis seo an rogha Gaeilge a chur chun tosaigh. Ba chóir fosta go mbeidh an rogha seo ar fáil ar gach leathanach ar an suíomh le cuidiú le daoine malartú idir an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla más maith leo é sin a dhéanamh.
- **Ábhar:** Ba chóir go mbeadh gach ábhar ar líne ar fáil as Gaeilge. Níor leor go mbeadh aon leathanach amháin i rannóg Ghaeilge ar an suíomh leis na cáipéisí atá aistriithe go Gaeilge ag an chomhlacht air. Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge in úsáid fud fad an tsuímh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus gur féidir le daoine eispéireas iomlán a bheith acu ar an suíomh trí mheán na Gaeilge ar chomhchéim leo siúd a bhfuil Béarla amháin acu.
- **Foirmeacha ar líne:** Ba chóir go mbeadh fáil ar líne ar fhoirmeacha aistriithe trí mheán na Gaeilge san áit chéanna agus atá leagan Béarla ar fáil. Freisin, ba chóir cinntiú gur féidir le haon chóras ar líne glacadh le síntí fada le cinntiú gur féidir le daoine na foirmeacha seo a líonadh isteach mar is cuí.
- **Aistriúchán:** Ba chóir aistriitheoirí gairmiúil a fhostú a dhéanfaidh an obair seo mar is ceart ón tús. Níor chóir brath ar seirbhís aistriúcháin uathoibríoch ar nós Google Translate. Níl siad cruinn agus níl seo fóirsteanach do dhaoine atá ar lorg eolais ó chomhlacht phoiblí ar líne. Agus príomhábhar an tsuímh aistriithe, ní bhíonn cuid mhór aistriúchán eile le déanamh. Aon ábhar atá ar fáil don phobal tá gá a chinntiú go bhfuil sé ar fáil i nGaeilge chomh maith leis an mBéarla.
- **Ath-threorú:** Má athraíonn úsáideoir a rogha teanga, agus iad ar shuíomh, níor chóir go ndéanfar ath-threorú chuig leathanach baile an tsuímh nó chuig leathanach a phléann leis an Ghaeilge amháin. Ba chóir go mbeadh malartú teanga ceart ann ó theanga amháin go teanga eile i gcónaí.
- **Stíleanna agus Méideanna:** Ba chóir go mbeadh na stíleanna agus na méideanna céanna in úsáid don dá teanga a oiread agus is féidir. In amanna, is gá leasuithe a dhéanamh mar gheall ar mhéid focal nó fad frása i gcodanna áirithe den suíomh ach ba chóir go mbeadh feiceálacht an dá theanga chomh maith céanna maidir le leagan amach, inrochtaineacht srl.
- **Seoladh Fearainn:** Ba chóir go mbeadh leagan Gaeilge den ainm fearainn ar fáil. Is féidir le dhá ainm fearainn bheith cláraithe leis an suíomh céanna, ceann as Gaeilge as ceann as Béarla. Is féidir síntí fada a úsáid d'ainm fearainn anois.
- **Na meáin sóisialta:** Tá ardú suntasach tagtha ar mhinicíocht teagmhála trína meáin sóisialta le ranna agus comhlachtaí stáit le blianta beaga anuas agus ní mór freastal ar an éileamh seo agus cumarsáid a dhéanamh leis an phobal ar na hardáin seo. Ar nós suímh ghréasáin, ba chóir go mbeadh gach eolas atá le foilsiú ar na meáin sóisialta go dátheangach ar a laghad. Is féidir é seo a dhéanamh trí dhá theanga a chur isteach in aon phostáil amháin, nó trí dhá phostáil éagsúla a dhéanamh le ceann as Gaeilge agus an ceann eile as Béarla más gá. Tá rogha ann chomh maith le leathanach Facebook nó cuntas Twitter, Instagram, Snapchat, LinkedIn, nó eile breise a chruthú as Gaeilge. Freisin, ba chóir go mbeadh an pobal in ann cumarsáid a dhéanamh leis an chomhlacht phoiblí trí mheán na Gaeilge agus a bheith ag dúil le freagra as Gaeilge ón fhoinse chéanna.
- **Aipeanna:** Ba chóir go mbeadh gach aip a fhorbraíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas dátheangach ar a laghad nó as Gaeilge amháin.

## FOILSEACHÁIN AGUS FOIRMEACHA

- Is gá go mbeadh eolas faoi sheirbhísí reatha, faoi phleananna agus gach cineál eolais eile ar fáil go dátheangach.
- Ba chóir gach ábhar a chuirtear ar fáil don phobal, a chur ar fáil go dátheangach nó as Gaeilge amháin, ina n-áirítear: bileoga eolais, paimfléid, foirmeacha, tuarascálacha bliantúla, cuntais, comharthaí, fógraí poiblí agus gach eolas eile a chuirtear ar fáil. Ba chóir go mbeadh an t-eolas seo ar fáil go comhuaineach agus gan gá le haon obair bhreise a dhéanamh thar mar a bheadh i gceist chun teacht ar an eolas i mBéarla.
- Ba chóir go mbeidh an Ghaeilge agus an Béarla in aon cháipéis nó foirm dhátheangach taobh le taobh leis an teanga eile faoi aon chlúdach amháin (réiteoidh seo an fhadhb nach mbíonn foirmeacha Gaeilge ar fáil in oifigí stáit agus thabharfadh sé deis agus spreagadh don phobal ar fad foirmeacha a líonadh as Gaeilge más mian leo).
- Ba chóir go mbeidh na foilseacháin Gaeilge ar fáil ar na hardáin céanna agus atá ag na foilseacháin Béarla ie, clóite, ar an suíomh, na meáin sóisialta, srl.

## ACMHAINNÍ DAONNA

**Comhthéacs:** Le seirbhísí teanga a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ar bhealach éifeachtach agus fóirsteanach d’obair na heagraíochta, is gá cúrsaí acmhainní daonna a chur san áireamh mar chuid de phleanáil teanga na heagraíochta.

- Ba chóir feachtais fheasachta agus seimineár eolais a chur ar fáil d’fhostaí maidir leis na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí maidir leis an Ghaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus cén fáth go bhfuil sé tábhachtach na dualgais seo a chomhlíonadh mar is cuí.
- Ba chóir eolas a chur ar fáil don phobal faoin bhfoireann atá in ann seirbhís(i) a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus go n-eagrófaí córas cinnte chun teagmháil a dhéanamh leis na baili fhoirne sin agus chun a léiriú cén réimse seirbhíse atá siad in ann a chur ar fáil.
- Ba chóir go gcuirfeadh inniúlacht sa Ghaeilge san áireamh le linn próisis earcaíochta agus a aithint go mbeidh luach breise ann do Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, i.e. beidh an duine le Gaeilge in ann an tseirbhís a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Ní amháin sin ach go gcaithfeadh a chinntiú go bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge **riachtanach** do phoist áirithe ar nós fáilteoir, oifigeach Gaeilge, oifigeach preasa, máistir suímh, aistritheoirí, ateangairí agus aon phost eile a cheapfar go bhfuil gá don Ghaeilge ina réimse oibre.
- Ba chóir go mbeadh deiseanna oiliúna ar fáil do bhaili fhoirne nach bhfuil in ann seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge le tacú leo é seo a dhéanamh sa todhchaí.
- Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge feiceálach san áit oibre, le háiteanna atá príobháideach d’oibríthe amháin san áireamh. Chuirfeadh seo le cultúr ina bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge dá mba rud é go bhfuil sí le feiceáil agus go spreagfar í a úsáid mar gheall air seo.
- Ba chóir go mbeadh an ceart céanna ag aon duine atá ag obair sa seirbhís poiblí lena gcuid oibre a dhéanamh leis an stát trí Ghaeilge, i. ardú céime, measúnú foirne, comhfhreagras inmheánach don fhoireann, srl.

- Ba chóir go mbeadh rogha Gaeilge ar fáil gan cheist ag gach leibhéal agus aonad / rannóg de Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas le cinntiú nach mbrisfear an 'slabhra cumarsáide' trí Ghaeilge leis an saoránach a lorgaíonn seirbhís as Gaeilge.
- Tá gá na poist a aithint atá gá le daoine le cumas líofa Gaeilge acu i labhairt, éisteacht, léamh agus scríobh na Gaeilge, m.sh. fáilteoir(príomhtheagmhálaí leis an bpobal), oifigeach Gaeilge, oifigeach preas, ateangairí, aistritheoirí, srl..
- Ba chóir caighdeán na Gaeilge ag na oibrithe sa Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a bheith aitheanta tríd an bhfráma coiteann Eorpach, agus bheadh Conradh na Gaeilge ag moladh leibhéal B2 ar a laghad do na poist le Gaeilge.
- Beidh reachtaíocht Gaeilge nua ag teacht isteach sár i bhfad agus mar chuid de sin beidh ar 20% d'earcaithe nua a bheith inniúil sa Ghaeilge. Tá gá mar sin polasaí earcaíochta a chruthú chun cinntiú go bhfuil líon den fhoireann sa Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas le Gaeilge ag fás go tapa.

---

#### COMHFHREAGRAS AGUS TEAGMHÁIL LEIS AN PHOBAL

**Comhthéacs:** Clúdaíonn an téarma comhfhreagras gach teagmháil idir an saoránach agus an comhlacht poiblí, litreacha, ríomhphoist, scairteanna gutháin, teachtaireachtaí ar na meáin shóisialta srl. Déanfar tuilleadh plé ar chodanna áirithe den chomhfhreagras thíos ach is iad seo a leanas na bunphrionsabail atá le cur i bhfeidhm maidir le gach cineál comhfhreagrais:

- Is gá a chinntiú má roghnaíonn saoránach an Ghaeilge a úsáid i gcomhfhreagras leis an Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go n-úsáidfear Gaeilge leis/léi ón tús go dtí deireadh an chomhfhreagrais sin.
- Ba chóir nach mbeadh aon mhoill nó deacrachtaí acu siúd a dhéanann teagmháil le comhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge mar gheall ar an rogha teanga. Ciallaíonn é seo nach mbeadh orthu fanacht tuilleadh ama le haghaidh freagra ar chomhfhreagras, nó go mbeadh moill ar a gcuid gnó mar gheall ar an rogha teanga a rinne siad. Dá mbeadh tuilleadh ama nó oibre de dhíth le gnó a dhéanamh le comhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge, bainfear an rogha ó dhaoine i dtéarmaí praiticiúla mar gheall ar bhrú ama nó mar gheall nár mhaith le daoine deacrachtaí a chruthú.

---

#### RÍOMHPHOST

- Ba chóir go mbeadh síntí ríomhphoist corparáideach socruithe go dátheangach i gcónaí.
- Ba chóir go mbeadh aon teachtaireacht as-oifig nó freagra uathoibríoch eile scríofa go dátheangach.
- Ba chóir go mbeadh líne i síntí ríomhphoist ag daoine a bhfuil Gaeilge acu ag rá go bhfuil Gaeilge acu agus go gcuirtear fáilte roimh úsáid na Gaeilge leis an duine sin. Cé go bhfuil an ceart i gcónaí ag daoine comhfhreagras a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, cuireann sé seo daoine ar an eolas gur féidir leo bheith ag plé le duine faoi leith san eagraíocht trí mheán na Gaeilge agus spreagfar úsáid na Gaeilge mar gheall air.

- Ba chóir go mbeadh dhá ainm fearainn in úsáid as Gaeilge agus as Béarla. Is féidir na seoltaí a cheangal agus bheadh an sprioc chéanna ag an dá ríomhphost.

---

## SCAIRTEANNA GUTHÁIN

- Nuair a théann scairteanna gutháin isteach chuig oifig chuig an Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas lasc-chlár go huathoibríoch, ba chóir go mbeadh roghanna as Gaeilge ar fáil mar an chéad rogha.
- Ba chóir go dtabharfar leagan Gaeilge d'ainm na heagraíochtaí nuair a fhreagraítear scairt gutháin.
- Ba chóir go mbeidh an fáilteoir i ngach oifig, aitheanta mar phost a bhfuil an Ghaeilge mar riachtanas. Tá an fáilteoir mar chéad phríomhtheagmhála leis an bpobal agus mar sin caithfidh Gaeilge a bheith acu chun déileáil leis an bpobal i gceart. Mura bhfuil Gaeilge ag an bhfáilteoir beidh drogall ag an gcainteoir Gaeilge seirbhísí trí Ghaeilge a iarraidh amach anseo, mar go mbeidh sé inghlactha dóibh nach bhfuil seirbhís Ghaeilge ar fáil.

---

## INIÚCHADH SOCHTHEANGEOLAÍOCHTA

- Aon gnímh (straitéis, polasaí, reachtaíocht a dréachtú, srl.) a dhéanann an Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a bhfuil tionchar aige ar earcaíocht sa sheirbhís phoiblí, tá gá leis an Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas iniúchadh sochtheangeolaíochta a dhéanamh roimh a ndéantar an gnímh. Is gá an Bile na dTeangacha Oifigiúla a thógáil san áireamh sa todhchaí le aon gnímh a dhéantar ar earcaíocht amach anseo.
- Chun iniúchadh sochtheangeolaíochta ceart a dhéanamh caithfear breathnú agus cinntiú go bhfuil do ghníomh ag teacht leis an reachtaíocht agus straitéisí atá ann i dtaobh na Gaeilge de. Ina measc caithfear breathnú ar Airteagail 8, Bunreacht na hÉireann, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (mar chuid de seo, do Scéim Teanga féin), Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus Plean Gníomhaíochta 2018 – 2022.

---

## MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

- Ba chóir go mbeadh Bainisteoir Sinsearach ag déanamh monatóireachta rialta (ar bhonn míosúil ar a laghad) ar chur i bhfeidhm na scéime. Ba chóir taifead a choinneáil ar gach uair a iarrtar seirbhís as Gaeilge agus cén saghas seirbhís atá lorgaítear. Ba chóir taifid a dhéanamh ar cé mhéad uair a dhéantar tairiscint ghníomhach ar sheirbhísí ar fáil as Gaeilge chomh maith. Tá gá tuairisc monatóireachta a chur isteach sa Tuairisc Bhliantúil.
- Ba chóir don Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas leithscéal scríofa a ghabháil le haon chustaiméir nach bhfaigheann seirbhís trí Ghaeilge nuair a lorgaíonn siad í.



## CUSTAIMÉIRÍ

- I measc na gcustaiméirí/úsáideoirí seirbhísí an Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas tá an tAire Dlí agus Cirt, comhaltaí eile den Oireachtas, ionadaithe poiblí áitiúla, an pobal, oibrithe sa Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, comhlachtaí poiblí eile, daoine aonair agus cuideachtaí a bhfuil caidreamh díreach gnó leis an Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas leo, ranna rialtais, comhlachtaí poiblí, an tAontas Eorpach, comhlachtaí trasteorainn, eagraíochtaí idirnáisiúnta, na meáin, agus grúpaí deonacha a bhíonn i dteagmháil leis an Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas mar gheall ar a shainleasanna agus a n-ábhar imní. Tá cuid de na custaiméirí sin ina chainteoirí Gaeilge agus caithfear aitheantas a thabhairt dá gcearta daonna trí sheirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge dóibh nuair a iarrann siad sin.

## COMHARTHAÍOCHT

- Ba chóir iniúchadh a dhéanamh ar chomharthaíocht sa Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus cinntiú go bhfuil an comharthaíocht ag cloí le hIonstraim Reachtúil Uimh. 391 de 2008.

## FÓGRAÍOCHT

- Ba chóir go mbeidh gach fógra a chuirfidh an Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chun cinn sna meáin chumarsáide nó in áit phoiblí dátheangach ar a laghad nó i nGaeilge amháin.

## CEARTA TEANGA

- Tá sé ráite faoi Airteagail 2 i nDearbhú Uile Coiteann Cearta an Duine ‘Tá gach uile dhuine i dteideal na gceart agus na saoirsí go léir atá leagtha amach sa Dearbhú seo, gan idirdhealú de chineál ar bith, ar nós cine, dath craicinn, gnéas, **teanga**, creideamh, tuairim pholaitiúil nó tuairim eile, bunadh náisiúnta nó sóisialta, maoin, breith nó stádas ar bith eile’
- I gCoinbhinsiún Eoprach um Chearta an Duine deir sé faoi Airteagal 5 Right to liberty and security ‘Everyone who is arrested shall be informed promptly, in a language which he understands, of the reasons for his arrest and of any charge against him.’ Freisin tá sé ráite in Airteagal 6 Right to a fair trial ‘to be informed promptly, in a language which he understands and in detail, of the nature and cause of the accusation against him’ agus ‘to have the free assistance of an interpreter if he cannot understand or speak the language used in court.’ In Airteagal 14 Prohibition of discrimination deir sé ‘The enjoyment of the rights and freedoms set forth in this Convention shall be secured without discrimination on

any ground such as sex, race, colour, **language**, religion, political or other opinion, national or social origin, association with a national minority, property, birth or other status.’ I Protocol 12, Airteagal 1 General prohibition of discrimination ‘1. The enjoyment of any right set forth by law shall be secured without discrimination on any ground such as sex, race, colour, **language**, religion, political or other opinion, national or social origin, association with a national minority, property, birth or other status. 2. No one shall be discriminated against by any public authority on any ground such as those mentioned in paragraph 1.’

De réir suíomh an Choimisinéara Teanga, seo iad na cearta atá ar fáil i dtaobh na Gaeilge:

## Cearta Bunreachtúla

- Tá stádas na Gaeilge leagtha amach i mBunreacht na hÉireann.
- Deir Airteagal 8 den Bhunreacht:
- Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.
- Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.
- Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d’fhonn ceachtar den dá theanga sin a bheith ina haonteanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de.
- Leagtar síos na bunphrionsabail maidir le cearta teanga sa Bhunreacht.
- Ceadáíonn an Bunreacht don duine gach gnó – agus gach cuid dá ghnó – a dhéanamh leis an stát trí Ghaeilge agus trí Ghaeilge amháin.
- Ciallaíonn an ceart bunreachtúil go bhfuil, dá réir sin, dualgais ar chomhlachtaí poiblí na tíre géilleadh don cheart sin.
- Go praiticiúil, áfach, is minic nach mbíodh aon soláthar éifeachtach déanta chun seirbhísí a sholáthar i nGaeilge chomh maith lena soláthar i mBéarla.
- Is minic freisin a bhraith daoine ar mhian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge leis an stát nach raibh an dara rogha acu ach a gcearta bunreachtúla agus a rogha teanga a fhágáil ar leataobh agus dul i muinín an dara teanga oifigiúil leis an ngnó sin a dhéanamh go héifeachtach.
- Go dtí gur tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm, ní raibh de rogha ag daoine ach dul i muinín na cúirte chun a gcearta bunreachtúla teanga a bhaint amach.
- Mar thoradh ar na cásanna seo, tá cúirteanna éagsúla tar éis ceist stádas na Gaeilge faoin mBunreacht a scagadh in imeacht na mblianta. Is féidir tuilleadh eolais ar chásanna faoi leith a íoslódáil anseo.

## Cearta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Deimhníonn Acht na dTeangacha Oifigiúla go bhfuil na cearta seo a leanas ag an bpobal:

- Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil go gclóifidh comhlachtaí poiblí le haon rialachán a dhéantar faoin Acht seo i dtaca le húsáid na Gaeilge i gcomharthaíocht, stáiseanáireacht agus fógairtí taifeadta béil (Alt 9(1) den Acht).
- Tá sé de cheart ag an bpobal freagraí a fháil i nGaeilge ó chomhlachtaí poiblí ar chomhfhreagras tríd an bpost nó trí ríomhphost a scríobhtar sa teanga sin (Alt 9(2) den Acht).
- Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil go gcuirfidh comhlachtaí poiblí faisnéis (mar shampla cora poist) chuig an bpobal i gcoitinne nó chuig aicme den phobal i gcoitinne, tríd an bpost nó trí ríomhphost, i nGaeilge nó go dátheangach (Alt 9(3) den Acht).

- Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil go bhfoilseoidh comhlachtaí poiblí doiciméid thábhachtacha ar leith, atá deimhnithe sa reachtaíocht, go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla, ina measc, aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais poiblí, aon tuarascáil bhliantúil, aon chuntas iniúchta nó ráiteas airgeadais, agus ráitis straitéise áirithe (Alt 10 den Acht).
- Tá sé de cheart ag duine aon ghnó a bheadh aige nó aici os comhair Thithe an Oireachtais nó os comhair coistí, fochoistí agus/nó comhchoistí de chuid an Oireachtais a dhéanamh trí Ghaeilge (Alt 6 den Acht).
- Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil go bhfoilseofar gach Acht den Oireachtas a achtaíodh ó mhí Iúil 2006 go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla a luaithe agus is féidir tar éis a achtaithe (Alt 7 den Acht).
- Tá sé de cheart ag an bpobal an Ghaeilge a úsáid in aon chúirt nó i ngnóthaí cúirteanna (Alt 8 den Acht).
- Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith in ann leas a bhaint as gach seirbhís trí Ghaeilge atá comhaontaithe i scéim teanga ag comhlachtaí poiblí. San áireamh anseo tá na forálacha i scéimeanna ar leith a bhaineann le ceantair Ghaeltachta.
- Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil go bhfiosróidh an Coimisinéir Teanga aon ghearán bailí uathu sa chás ina gcreidtear go bhfuil teipthe ar chomhlachtaí poiblí a ndualgais a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, faoi aon rialachán atá déanta faoin Acht agus/nó faoi aon scéim atá daingnithe le comhlachtaí poiblí faoin Acht. Tá sé de cheart ag an bpobal freisin a bheith ag súil go bhfiosróidh an Coimisinéir Teanga aon ghearán bailí ina líomhnaítear nach bhfuil foráil d'aon achtacháin eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge á comhlíonadh.
- Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil go bhfaighidh siad comhairle ó Oifig an Choimisinéara Teanga maidir lena gcearta teanga faoin Acht (Alt 21 den Acht).

## Ceart an duine Gaeilge a úsáid

Is féidir leas a bhaint as ceachtar den dá theanga oifigiúla in aon chúirt, in aon phléadáil in aon chúirt nó in aon doiciméad a eisítear ó aon chúirt. Tá dualgas ar an gcúirt a chinntiú go bhféadfadh aon duine éisteacht a fháil sa teanga oifigiúil is rogha leis nó léi.

Má tá an Stát nó comhlacht poiblí mar pháirtí in imeachtaí sibhialta os comhair cúirte, bainfidh an Stát nó an comhlacht poiblí úsáid as an teanga oifigiúil, Gaeilge nó Béarla, atá roghnaithe ag an bpáirtí eile. Má tá níos mó ná páirtí amháin eile i gceist, beidh cinneadh le déanamh ag an Stát nó ag an gcomhlacht poiblí faoi cibé teanga oifigiúil a bheadh réasúnach a úsáid sa chás.

---

## COSAINT AR CHEARTA TEANGA

Creidimid go láidir go bhfuil an ceart ag gach saoránach an Ghaeilge a úsáid, go háirithe cainteoirí dúchais Gaeilge, in Éirinn agus ba chóir don stát a chinntiú gur féidir seo a dhéanamh le gach ionstraim den stát. Creidimid go bhfuil ról ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas an ceart seo a chinntiú agus a chur chun cinn le hobair na heagraíochta.

---

## CONCLÚID

Ba chóir go mbeidh an Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas in ann seirbhís shásúil a chur ar fáil do phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta má chuirtear na moltaí thuas san áireamh sa scéim teanga á chur le chéile. Is é seo an dara Scéim Teanga atá an Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ag ullmhú.

Is gá mar atá luaite, comhairle a chur ar an Rialtas agus ar an Stát maidir le cearta teanga chun cinntiú go bhfuil cearta teanga pobal labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht agus taobh amuigh á chosaint. Is ról thar a bheith tábhachtach é sin do chosaint na teanga agus beidh Conradh na Gaeilge lán sásta plé leis an gcoimisiún chun an ról sin a chur chun tosaigh.

Is gá a chuimhneamh agus an Scéim Teanga á dréachtú go mbeidh Acht Teanga nua ag teacht isteach a bheidh bunaithe ar chaighdeáin seachas scéimeanna. Tá gá do Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ullmhú i dtreo na caighdeáin agus an Scéim Teanga nua seo á dhréachtú. Mar a dúirt an Coimisinéir Teanga os comhair an Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán ar an 21 Bealtaine, 2019 'Ó thaobh scéimeanna teanga, an rud atá ráite agam ná gur cheart go mbeadh aon scéim teanga nua atá á dhaingniú ag an Aire eolach go bhfuil an caighdeán ag teacht, chomh fada is atá muid ag fanacht air. Má tá scéim teanga nua á aontú, ba chóir go dtuigtear agus go nglacfar leis go gcaithfidh sé a bheith ag dul i dtreo na gcaighdeán... De bharr sin, nuair atá scéim teanga á dhaingniú le comhlachtaí, ba chóir go mbeadh an Roinn ag rá leo go bhfuil caighdeán ar an mbealach, go mbeidh nithe sa gcaighdeán i gcomhair seirbhísí idirghníomhacha, mar sin, chomh fada is atá muid ag fanacht air sin, bíodh sé sa scéim teanga.'

Tá Conradh na Gaeilge ar fáil i gcónaí má tá aon ghné den aighneacht seo le plé.